(17) Tá úsáid na seirbhísí sonraí ag fás go tapa san Aontas agus ar fud an domhain. Ba cheart tabhairt isteach FATB ón 15 Meitheamh 2017 cur leis an bhfás sin i gcomhthéacs fánaíochta, as a leanann go dtiomáinfear síos go suntasach an costas in aghaidh an aonaid sonraí a tharchur. D'fhonn an méadú ar úsáid na seirbhísí sonraí agus an t-ísliú ar chostas in aghaidh an aonaid sonraí a tharchuirtear a chur i gcuntas, ba cheart go laghdódh an muirear uasta mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí gach bliain agus ba cheart é a shocrú in euro in aghaidh gigibhirt i gcás inarb ionann gigibheart agus 1 000 meigibheart.. Le linn an muirear uasta mórdhíola a shocrú i gcomhair seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí, cuireadh i gcuntas na comhpháirteanna rochtana ar fad is gá lena gcumasófar seirbhísí fánaíochta a sholáthar, lena n-áirítear na costais idirthurais a bhaineann le trácht sonraí a chur ar fáil ag pointe idirthurais a shainaithin an t-oibreoir líonra baile.

(18) Ba cheart go gcuirfí i gcuntas an phunann seirbhísí a sholáthraíonn gach soláthraí seirbhísí fánaíochta mórdhíola, agus a méid tráchta lena bhfuiltear ag súil, nuair a bheidh ról coimirce na muirear fánaíochta mórdhíola á meas le linn an dá chuspóir a bhaint amach: a áirithiú go n-aisghabhfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta mórdhíola a gcostais ábhartha ar fad agus go leanfaidh neamh-inbhuanaitheacht FATB de bheith eisceachtúil.

(19) Ba cheart, dá bhrí sin, na muirir uasta mhórdhíola atá ann faoi láthair ar sheirbhísí guthghlaonna, SMS agus sonraí fánaíochta a laghdú go mór.

